1916 2016

CLÁR COMÓRTHA CÉAD BLIAIN

Centenary Programme

CILL CHAINNIGH / KILKENNY

The Seven Programme Strands
Seacht Snáithe an Chláir

THE IRELAND 2016 CENTENARY PROGRAMME is built on Seven Programme Strands which, taken together, reflect the themes of Remembering, Reconciling, Presenting, Imagining and Celebrating. The programme will continue to grow and develop over the coming months. To see the updated programme, other county programmes and the national programme for 2016, please visit www.ireland.ie

TÁ ÉIRE 2016: CLÁR COMÓRTHA CÉAD BLIAIN bunaithe ar Sheacht Snáithe an Chláir, agus nuair a thógtar iad sin i dteannta a chéile, léiríonn siad na téamaí Cuimhneamh, Athmhuintearas, Cur i Láthair, Samhlú agus Ceiliúradh. Leanfar ar aghaidh le fás agus forbairt na gclár sna míonna amach romhainn. Leis an gclár nuashonraithe a fheiceáil, chomh maith le cláir chontaetha eile agus an clár náisiúnta le haghaidh 2016, téigh chuig www.ireland.ie

State and Local Ceremonial
Searmanais Stáit agus Áitiúla

Formal commemorative events, focused on remembering and honouring those who took part in the Easter Rising, and especially those who gave their lives.

Beidh imeachtaí foirmiúla comóraidh ann a bheidh dírithe ar na daoine a ghlac páirt in Éirí Amach na Cásca, go háirithe iad siúd a thug a mbeatha lena linn, a thabhairt chun cuimhne agus a onórú.

Historical Reflection
Machnamh ar an Stair

A range of history-based activities and initiatives, designed to deepen and broaden our understanding of the events of 1916 and that pivotal period in our history.

Beidh réimse gníomhaíochtaí agus tionscnamh staire ann a cheapfar chun ár dtuiscint ar imeachtaí 1916 agus an tréimhse ríthábhachtach sin inár stair a dhoimhniú agus a leathnú.

The Living Language
An Teanga Bheo

Reflecting on the central place of the Irish language in the ideals of the Revolutionary Generation and celebrating the language through a diverse programme of events.

Cuirfear clár ilghnéitheach imeachtaí ar siúl mar léiriú ar áit lárnach na Gaeilge in idéil na glúine réabhlóidí agus chun an teanga a cheiliúradh.

Youth and Imagination
An Óige agus an tSamhlaíocht

Placing children and young people at the centre of the Ireland 2016 Centenary Programme and integrating historical exploration with a range of imaginative activities.

Cuirfear leanaí agus daoine óga i gcroílár Éire 2016: Clár Comórtha Céad Bliain agus déanfar iniúchadh ar cheisteanna staire a chomhtháthú le réimse gníomhaíochtaí samhlaíocha.

Cultural Expression
Léiriú Cultúrtha

Working with our creative community and arts organisations to reflect on our past, our present and our future, with a focus on 1916.

Oibriú lenár bpobal cruthaitheach agus eagraíochtaí ealaíon chun machnamh a dhéanamh ar an am atá thart in Éirinn, ar an saol atá ann faoi láthair agus ar a bhfuil i ndán dúinn amach anseo, agus béim faoi leith ar chuimhneachán 1916.

Community Participation
Rannpháirtíocht Phobail

Encouraging widespread citizen engagement in 1916 related events, involving the broadest possible community and voluntary sector participation in towns and villages throughout the country.

Saoránaigh a spreagadh le páirt a ghlacadh in imeachtaí a bhainfidh le 1916, sa chaoi is go mbeidh an rannpháirtíocht is mó is féidir ag na hearnálacha deonacha agus pobail i mbailte agus i sráidbhailte ar fud na tíre.

Global and Diaspora
Éireannaigh ar fud an Domhain agus an Diaspóra

Inviting the global Irish family and friends of Ireland from all over the world to join us in remembering, reflecting and re-imagining.

Cuireadh a thabhairt do chlanna Gael ó gach cearn den domhan agus do chairde na hÉireann a bheith linn agus muid ag cuimhneamh, ag déanamh machnaimh agus ag athshamhlú.

Foreword
Brollach

Kilkenny County Council took a pro-active role in embracing the Community strand of the Seven Strand National Programme for Ireland 2016, with the appointment of a cross party Commemoration Committee.

The Committee is supported by the 2016 Coordinator and also by the various in-house resources such as Heritage Officer, Conservation Officer, Arts Officer as well as Kilkenny County Council's Local Library service. These resources will be deployed during 2016 to optimise the work of the Commemoration Committee and service plans for 2016 will complement the listed programme of events, which is heavily influenced by the themes which emerged from the extremely well attended, supportive and engaging public meeting held in April 2015, in City Hall Kilkenny.

The public meeting was followed up by direct contact with local interest groups to devise a programme of events reflective of the aspirations of those who participated in the consultation process.

Whilst the final programme was drafted in accordance with the seven strands designated under the national programme, a number of cross cutting themes also emerged, namely:

LEGACY: It is the intention of the Committee to support projects which will last beyond 2016, leaving a legacy for future generations. The production of web based and printed material, together with new commissions will all assist in ensuring that future debate will be informed and well resourced.

EDUCATION: Education in the broadest sense, informing people's understanding of the context and seminal importance of 1916 to the course of Irish history, with a particular focus on the events and personalities from Kilkenny in the lead up to and aftermath of the Rising.

RECONCILIATION: To allow the space and generosity of spirit to foster reconciliation, so that young people in particular are afforded the opportunity to understand the events of 1916 in a broader and more inclusive social context.

Ghlac Comhairle Contae Chill Chainnigh ról réamhghníomhach chun glacadh le snáithe Pobail Chlár Náisiúnta Seacht Snáithe le haghaidh Éire 2016, tar éis gur ceapadh Coiste Comórtha traspháirtí.

Tacaíonn Comhordaitheoir 2016 agus na hacmhainní éagsúla inti, ar nós an Oifigigh Oidhreachta, an Oifigigh Chaomhnaithe, an Oifigigh Ealaíon leis an gCoiste, mar aon le Seirbhís Leabharlainne Áitiúla Chomhairle Contae Chill Chainnigh. Bainfear leas as na hacmhainní seo i rith 2016 chun barr feabhais a chur ar obair an Choiste Comórtha agus cuirfidh pleananna seirbhíse don bhliain 2016 leis an gclár liostaithe imeachtaí, a bunaíodh go mór ar na téamaí a tháinig chun solais ón gcruinniú poiblí ar a raibh sárfhreastal, a bhí an-tacúil agus gníomhach agus a bhí ar siúl in Aibreán 2015, i Halla na Cathrach, Cill Chainnigh.

I ndiaidh an chruinnithe phoiblí, rinneadh teagmháil dhíreach le grúpaí spéise áitiúla chun clár imeachtaí a chur i dtoll a chéile lena léirítear mianta na ndaoine siúd a ghlac páirt sa phróiseas comhairliúcháin.

Cé gur dréachtaíodh an clár deiridh i gcomhréir leis na seacht snáithe a ainmníodh faoin gclár náisiúnta, tháinig roinnt téamaí trasghearrthacha chun solais, ina measc:

OIDHREACHT: Tá sé ar intinn ag an gCoiste tacú le tionscadail a mhairfidh i ndiaidh 2016, a fhágfaidh oidhreacht ann don ghlúin amach anseo. Cabhróidh táirgeadh ábhar gréasánbhunaithe agus clóite, mar aon le coimisiúnú nua, lena chinntiú go mbeidh díospóireacht amach anseo feasach agus go mbeidh go leor acmhainní ar fáil di.

OIDEACHAS: Oideachas sa chiall is leithne—chun eolas a sholáthar don tuiscint atá ag daoine ar chomhthéacs agus ar thábhacht chinniúnach 1916 i dtaca le stair na hÉireann, agus béim ar leith ar na himeachtaí a tharla i gCill Chainnigh agus ar na pearsana de bhunadh Chill Chainnigh i gcaitheamh na tréimhse a fhad leis an Éirí Amach agus ina dhiaidh.

ATHMHUINTEARAS: Ligean don spás agus do chineáltas na meanma chun athmhuintearas a chothú, ionas go dtugtar an deis, do dhaoine óga ach go háirithe, chun tuiscint a fháil ar imeachtaí 1916 i gcomhthéacs sóisialta níos fairsinge agus cuimsitheach.

KILKENNY: THE ARTS: Kilkenny has a well earned reputation as a centre for culture and arts, with a calendar of festivals which attracts both domestic and international visitors. Kilkenny is also home to national institutions including the Heritage Council and the Design and Crafts Council of Ireland. Both the festivals and institutions will provide an opportunity for collaboration throughout 2016, and it is our intention that their programmes will enhance the range of local events in our County programme.

THOMAS MACDONAGH: A significant recurring theme running through the public consultations is Kilkenny's connection with Thomas MacDonagh, a signatory to the Proclamation who was amongst those executed after the 1916 Rising. MacDonagh lived and worked in Kilkenny and apparently became more radical during his time here in the formative years of the early 20th Century. His links with Conradh na Gaeilge will be explored in conjunction with Conradh through debate and lectures as Gaeilge.

We will develop a weeklong event in Kilkenny, called *Seachtain Thomáis Mhic Dhonnachadha*, coinciding with the date of Thomas MacDonagh's execution on 3rd May 1916, incorporating a dramatisation of MacDonagh's court-martial, and bringing together many of the individual ideas floated at the public meeting, including re-enactors, period photography, newspaper articles, songs and stories of the time, and will include a series of lectures, screening of old black and white films and a concert in the Watergate Theatre.

OTHER INITIATIVES: In terms of an educational legacy, Kilkenny County Council will support the development of a website by the Kilkenny Local Education Centre, primarily creating a resource for history teachers, which will be widely available as a means of providing "students" of all ages with easily accessible material in which to understand the context and importance of 1916.

CHILL CHAINNIGH:NA HEALAÍONA: Tá cáil ar Chill Chainnigh, atá tuillte go maith aici, mar lárionad cultúir agus ealaíon, le clár féilte ó cheann ceann na bliana a mheallann cuairteoirí intíre agus idirnáisiúnta araon. Anuas air sin, is i gCill Chainnigh atá forais náisiúnta suite, ar nós na Comhairle Oidhreachta agus Chomhairle Dhearaidh agus Cheardaíochta na hÉireann. Soláthróidh na féilte agus
na hinstitiúidí araon an deis chun comhoibriú a dhéanamh i gcaitheamh 2016, agus tá sé ar intinn againn go gcuirfidh a gcláir feabhas ar an réimse imeachtaí áitiúla i gclár ár gContae.

TOMÁS MAC DONNCHADHA: Téama tábhachtach a thagann aníos go minic sna comhairliúcháin phoiblí is ea an ceangal atá ag Cill Chainnigh le Tomás Mac Donnchadha, duine de shínitheoirí an Fhorógra a bhí i measc iad siúd a cuireadh chun báis i ndiaidh Éirí Amach 1916. Chónaigh agus d'oibrigh Mac Donnchadha i gCill Chainnigh agus, de réir dealraimh, d'éirigh sé ní ba radacaí le linn an tráth a chaith sé anseo i luathbhlianta an 20ú hAois. Fiosrófar na ceangail a bhí aige le Conradh na Gaeilge i gcomhar leis an gConradh trí dhíospóireacht agus léachtaí as Gaeilge.

TIONSCNAIMH EILE: Forbróimid imeacht a mhairfidh seachtain iomlán i gCill Chainnigh, ar a dtabharfar *Seachtain Thomáis Mhic Dhonnchadha*, a bheidh ar siúl i gcomhthráth leis an dáta a cuireadh chun báis é, an 3 Bealtaine 1916. I measc na n-imeachtaí, déanfar dráma de chúirt airm Mhic Dhonnchadha, agus tabharfar le chéile go leor de na smaointe aonair a tugadh chun solais ag an gcruinniú poiblí, lena n-áirítear athchruthú, grianghrafadóireacht na tréimhse, ailt nuachtáin, amhráin agus scéalta na linne sin, agus áireofar leo sraith léachtaí, seanscannáin dhubh agus bhán agus ceolchoirm in Amharclann Gheata an Uisce.
I dtaobh oidhreacht oideachais, tacóidh Comhairle Contae Chill Chainnigh le láithreán gréasáin a fhorbairt ag Ionad Oideachais Áitiúil Chill Chainnigh, a chruthaíonn acmhainn do mhúinteoirí staire, a bheidh ar fáil go fairsing mar bhealach chun ábhar atá so-rochtana do "dhaltaí" de gach aois inar féidir leo tuiscint a fháil ar chomhthéacs agus tábhacht 1916.

Community participation is at the forefront of Kilkenny's ambitions for 2016. Events across the County are being supported in a manner that will assist local voluntary groups to ensure that their own commemoration ceremonies and events are arranged to a high standard with the maximum participation and attendance. Annual commemorative events in Callan, Dunamaggin, Slieverue and South Kilkenny are included together with unique events planned for Castlecomer and Kilkenny City. Street festivals in places named after MacDonagh, Connolly, Pearse, Fr. Albert and Fr. Delahunty will be underpinned by celebrating Kilkenny County Council's historical role in the provision of social housing.

Local newspapers have agreed to include feature supplements during 2016, with a view to ensuring that Kilkenny people can reacquaint themselves with events in Kilkenny around 1916, or indeed learn from some recent publications such as the Royal Irish Academy's "1916 Portraits and Lives" which includes a biography and portrait of Thomas MacDonagh. The Portrait will be exhibited at MacDonagh Railway Station, Kilkenny, by kind permission of Irish Rail. Passengers and visitors will be able to download an eReader version of MacDonagh's biography during 2016. Reproduction of MacDonagh's biography for circulation in Kilkenny has been kindly facilitated by the Royal Irish Academy.

Baineann ríthábhacht le rannpháirtíocht an phobail i dtaca le huaillmhianta Chill Chainnigh don bhliain 2016. Táthar ag tacú le himeachtaí ar fud an Chontae ar bhealach a chabhróidh leis na grúpaí áitiúla deonacha lena chinntiú go n-eagraítear a searmanais agus a n-imeachtaí ar ardchaighdeán agus go mbaintear amach an rannpháirtíocht agus an freastal uasta. Cuirtear imeachtaí bliantúla comórtha i gCallainn, Dún Iomagáin, Sliabh Rua agus Cill Chainnigh Theas san áireamh, agus tá imeachtaí uathúla pleanáilte i gcás Chaisleán an Chomair agus Chathair Chill Chainnigh. Tacófar le féilte sráide in áiteanna a ainmníodh in ómós Mhic Dhonnchadha, Uí Chonghaile, an Phiarsaigh, an Athar Albert agus an Athar Uí Dhulchaointigh trí ról stairiúil Chomhairle Contae Chill Chainnigh i dtithíocht shóisialta a sholáthar a cheiliúradh.

Chomhaontaigh na nuachtáin áitiúla chun forlíontaí gné-alt a chur san áireamh i rith 2016, ag féachaint do chinntiú gur féidir le muintir Chill Chainnigh cur amach a bheith arís acu leis na himeachtaí a thit amach i gCill Chainnigh thart ar 1916, nó foghlaim ó chuid de na foilseacháin a foilsíodh le déanaí, go deimhin féin, ar nós "1916 Portraits and Lives" de chuid Acadamh Ríoga na hÉireann, lena n-áirítear beathaisnéis agus portráid de Thomás Mac Donnchadha. Taispeánfar an Phortráid ag Stáisiún Iarnróid Mhic Dhonnchadha, Cill Chainnigh, le caoinchead ó Iarnród Éireann. Beidh paisinéirí agus cuairteoirí in ann leagan ríomhléitheora de bheathaisnéis Mhic Dhonnchadha a íoslódáil i rith 2016. D'éascaigh Acadamh Ríoga na hÉireann go caoin atáirgeadh bheathaisnéis Mhic Dhonnchadha lena scaipeadh i gCill Chainnigh.

In keeping with Kilkenny's artistic and theatrical traditions Barnstorm Theatre Company, based in Kilkenny, are producing a new play for young audiences that is set during the 1916 Rising, but seen through the perspective of a family living in Dublin. As part of the experience of the play the company will develop an Education Support Resource for schools in Kilkenny.

In terms of the three themes of *legacy*, *education* and *reconciliation*, Kilkenny County Council will support a planned cross-border schools' exchange in 2016, which will allow school children approach the concept of reconciliation through the medium of music, sport and theatre. Such an exchange presents the possibility of ensuring that diverse views are not only understood but accepted as valid. And what better way to celebrate Ireland's history since 1916 than by ensuring that the next generation can value and interpret their past without inhibition, and can look forward with imagination to a future Irish republic in which they are encouraged to play a central role.

Kilkenny has entered into a number of twinning arrangements over the years, with partner communities in Europe, America and China. Planned visits are being arranged so that visitors from our twinned districts can participate in our calendar of events, bringing a new dimension to our contacts and renewing the bonds of friendship across the globe. Highlights of the Global and Diaspora strand include a visit by our namesake Kilkenny, in Minnesota, U.S.A. Our long-standing friendship with Leicestershire County Council will be renewed to coincide with their decade of centenaries in the U.K.

Ar aon dul le traidisiúin ealaíonta agus amharclannacha Chill Chainnigh, tá dráma nua á chur le chéile ag Barnstorm Theatre Company, bunaithe i gCill Chainnigh, atá dírithe ar lucht féachana óg atá suite i rith Éirí Amach 1916, ach a fheictear trí dhearcadh teaghlaigh a chónaíonn i mBaile Átha Cliath. Mar chuid d'eispéireas an dráma, forbróidh an chuideachta Acmhainn Tacaíochta Oideachais do scoileanna i gCill Chainnigh.

I dtaobh na dtrí théama: *oidhreacht*, *oideachas* agus *athmhuintearas*, tacóidh Comhairle Contae Chill Chainnigh le malartú pleanáilte trasteorann scoileanna in 2016, a thabharfaidh an deis do leanaí tuiscint a fháil ar choincheap an athmhuintearais trí mheán an cheoil, an spóirt agus na hamharclannaíochta. Cruthóidh an malartú sin an deis chun a chinntiú ní hamháin go dtuigtear tuairimí iléagsúla ach go nglactar leo. Agus níl bealach níos fearr chun stair na hÉireann a cheiliúradh ó 1916 i leith ná a chinntiú gur féidir leis an gcéad ghlúin eile luach a bheith acu ar an aimsir atá thart agus í a thuiscint gan chosc, agus gur féidir leo, le samhlaíocht, bheith ag súil le poblacht Éireannach amach anseo ina spreagtar iad chun ról lárnach a chomhlíonadh.

Ghlac Cill Chainnigh páirt i roinnt socruithe nasctha i gcaitheamh na mblianta, le pobail chomhpháirtithe san Eoraip, i Meiriceá agus sa tSín. Tá cuairteanna á n-eagrú ionas gur féidir le cuairteoirí ónár gceantair nasctha páirt a ghlacadh inár bhféilire imeachtaí, agus toise nua a chruthú dár dteagmhálaithe agus ceangail an chairdis ar fud an domhain a athnuachan. I measc bhuaicphointí an tsnáithe Éireannaigh ar fud an Domhain agus an Diaspóra, tabharfaidh daoine as baile den ainm céanna, Kilkenny, i Minnesota na Stát Aontaithe, cuairt orainn agus déanfar ár gcairdeas fadmharthanach le Comhairle Contae Leicestershire a athnuachan i gcomhthráth lena dtréimhse deich mbliana de chomóradh céad bliain sa Ríocht Aontaithe.

Programme
An Clár

Ceremonial
Searmanais

1ST JANUARY 2016 1 EANÁIR 2016 Kilkenny County Hall Halla an Chontae, Cill Chainnigh	**Remembrance Service in County Hall Kilkenny**, attended by Civic Leaders, to launch the Year of Commemorations.	**Seirbhís Chuimhneacháin i Halla an Chontae, Cill Chainnigh**, ar a bhfreastalóidh Ceannasaithe Cathartha, chun Bliain an Chomórtha a sheoladh.
EASTER 2016 CÁISC 2016 Kilkenny County Hall Halla an Chontae, Cill Chainnigh	**Unveiling of 1916 Memorial feature and dedication as a Memorial Garden at County Hall, Kilkenny**	**Cuirfear gné Chuimhneachán 1916 i láthair go poiblí agus tiomnófar í mar Ghairdín Cuimhneacháin ag Halla an Chontae, Cill Chainnigh**
10TH JULY 2016 10 IÚIL 2016 Kilkenny Castle Caisleán Chill Chainnigh	**National Day of Commemoration Regional Ceremony in Kilkenny**, followed by a display of 1916 themed memorabilia in the Parade Tower conference centre at Kilkenny Castle	**Searmanas Réigiúnach an Lae Cuimhneacháin Náisiúnta i gCill Chainnigh**, agus taispeántas d'earraí cuimhneacháin de théama 1916, ina dhiaidh sin, in ionad comhdhála Thúr an Mhórshiúil ag Caisleáin Chill Chainnigh.
AUTUMN 2016 FÓMHAR 2016 Eaglais agus Reilig Mhuire Caisleán Chill Chainnigh	**Official Opening of Kilkenny's Medieval Mile Museum at St. Mary's Church and Graveyard Complex.** The Medieval Museum is a major new cultural centre in the heart of Ireland's Medieval Mile, Kilkenny. St. Mary's Church and Graveyard will be converted and extended into a modern museum and exhibition centre and the initial display will have a specific theme on 1916 in Kilkenny.	**Oscailt Oifigiúil Mhúsaem Míle Meánaoisí Chill Chainnigh ag Eaglais agus Coimpléasc Reilige Mhuire.** Ionad cultúrtha mór nua is ea an Músaem Meánaoiseach i gceartlár Mhíle Mheánaoiseach na hÉireann, Cill Chainnigh. Déanfar Eaglais agus Reilig Mhuire a iompú agus a shíneadh ina músaem nua-aimseartha agus ina hionad taispeántais agus beidh téama sonrach a bhaineann le 1916 i gCill Chainnigh i gceist leis an gcéad taispeántas.

Historical Reflection
Machnamh ar an Stair

	In collaboration with local newspapers, a series of supplements with the 1916 theme have been agreed for circulation throughout 2016, including the following feature articles:	**I gcomhoibriú leis na nuachtáin áitiúla, rinneadh comhaontú ar shraith forlíontaí le téama 1916 a scaipeadh i gcaitheamh 2016, lena n-áirítear na gné-ailt a leanas:**
FEBRUARY 2016 FEABHRA 2016	Reproduction of the 75th Anniversary County Kilkenny Commemorative Booklet first published in 1991.	Atáirgeadh Leabhráin Chomórtha 75 Bliain Chill Chainnigh a foilsíodh den chéad uair i 1991.
EASTER 2016 CÁISC 2016	Chapter from local historian Jim Maher's book "Kilkenny in 1916—In the shade of Slievenamon" accompanied by a period map highlighting significant historical locations in Kilkenny.	Caibidil ó leabhar an staraí áitiúil, Jim Maher, "Kilkenny in 1916—In the shade of Slievenamon", mar aon le léarscáil den tréimhse sin ina leagtar béim ar láithreacha lena mbaineann tábhacht stairiúil i gCill Chainnigh.
MAY 2016 BEALTAINE 2016	Biography of Thomas MacDonagh as produced by the Royal Irish Academy.	Beathaisnéis de chuid Thomáis Mhic Dhonnchadha, faoi mar a chuir Acadamh Ríoga na hÉireann i dtoll a chéile.
THROUGHOUT 2016 I GCAITHEAMH 2016	Series of publications with Kilkenny People newspaper, concentrating on the period leading up to 1916, the Rising and the aftermath, as reported at the time, with photographs and commentary.	Sraith foilseachán sa nuachtán "Kilkenny People", a dhíríonn ar an tréimhse a fhad le 1916, an tÉirí Amach agus iarthréimhse an Éirí Amach, faoi mar a tuairiscíodh um an dtaca sin, le grianghraif agus tráchtaireacht.
THROUGHOUT 2016 I GCAITHEAMH 2016 Kilkenny City Cathair Chill Chainnigh	**A local walking tour of various Volunteer and Military heritage related sites**, to assist in understanding the events attended by many of those national figures who visited Kilkenny during the build-up to the Rising and the aftermath—personalities such as Casement, MacNeill, MacDonagh, Redmond, Cathal Brugha, W. T. Cosgrave, DeValera—all held meetings in Kilkenny, and the landmark buildings still survive—City Hall, Market Yard, Kyteler's Inn etc.	**Turas áitiúil siúil ar láithreáin éagsúla a bhain leis na hÓglaigh agus le hoidhreacht Mhíleata**, chun cabhrú le tuiscint a fháil ar na himeachtaí ar ar fhreastail go leor de na daoine móra le rá siúd a thug cuairt ar Chill Chainnigh i gcaitheamh na tréimhse a fhad leis an Éirí Amach agus an tréimhse ina dhiaidh—chuir daoine ar nós Mac Easmainn, Mac Néill, Mac Donnchadha, Mac Réamainn, Cathal Brugha, W.T. Cosgrave, De Valera—cruinnithe ar siúl i gCill Chainnigh, agus is ann go fóill do na foirgnimh shéadchomhartha—Halla na Cathrach, Clós an Mhargaidh, Teach Ósta Kyteler etc.

MARCH–SEPTEMBER 2016 Ó MHÁRTA–MEÁN FÓMHAIR 2016 James Stephens Military Barracks Kilkenny Dún Míleata Shéamais Mhic Stiofáin	**James Stephen's Barracks Military Museum displays items from Kilkenny's Military History.** The barracks itself was a significant building which was central to Kilkenny's military heritage. The military heritage on display will have a 1916 focus for visitors with material relevant to the period.	**Taispeántar earraí ó Stair Mhíleata Chill Chainnigh i Músaem Míleata Dhún Shéamais Mhic Stiofáin.** B'fhoirgneamh tábhachtach an dún féin a bhí i gceartlár oidhreacht mhíleata Chill Chainnigh. Díreoidh an oidhreacht mhíleata a bheidh ar taispeáint ar 1916 do chuairteoirí agus beidh ábhar ar taispeáint a bhaineann leis an tréimhse.
FEBRUARY 2016 FEABHRA 2016 MacDonagh Station Kilkenny Cathair Chill Chainnigh	**Thomas MacDonagh—The Kilkenny Connection:** The Royal Irish Academy has produced a book of biographies with portraits entitled "1916 Portraits and Lives" which includes a biography and portrait of Thomas MacDonagh. The Portrait will be exhibited at MacDonagh Railway Station by kind permission of Irish Rail. Passengers and visitors will be able to download an eReader version of MacDonagh's biography during 2016. Reproduction of MacDonagh's biography for circulation in Kilkenny has been kindly facilitated by the Royal Irish Academy.	**Thomas MacDonagh—The Kilkenny Connection:** Chuir Acadamh Ríoga na hÉireann leabhar beathaisnéisí i dtoll a chéile ina bhfuil portráidí dar teideal "1916 Portraits and Lives" lena n-áirítear beathaisnéis agus portráid de Thomás Mac Donnchadha. Taispeánfar an Phortráid ag Stáisiún Iarnróid Mhic Dhonnchadha le caoinchead ó Iarnród Éireann. Beidh paisinéirí agus cuairteoirí in ann leagan ríomhléitheora de bheathaisnéis Mhic Dhonnchadha a íoslódáil i rith 2016. D'éascaigh Acadamh Ríoga na hÉireann go caoin atáirgeadh bheathaisnéis Mhic Dhonnchadha lena scaipeadh i gCill Chainnigh.
MARCH 2016 MÁRTA 2016	**The role of women in 1916 will be celebrated in the first week of March 2016**, through a series of lectures and displays reflecting the desire from the public consultation process to commemorate the undervalued role that women played in preparation for and direct involvement in the 1916 Rising.	**Déanfar ceiliúradh ar ról na mban i 1916 i rith na chéad seachtaine i Márta 2016**, trí shraith léachtaí agus taispeántas a fhreagraíonn don mhian ón bpróiseas comhairliúcháin phoiblí go ndéanfaí ról na mban in Éirí Amach 1916, ról nár onóradh i gceart, a chomóradh.

The Living Language
An Teanga Bheo

JUNE 2016 MEITHEAMH 2016	**Conference on Irish Language Revival as an influence in the lead up to the Rising**	**Comhdháil ar Athbheochan na Gaeilge mar rud a d'imir tionchar i gcaitheamh na tréimhse a fhad leis an Éirí Amach.**
MARCH 2016 MÁRTA 2016	**Embrace the opportunity of Seachtain na Gaeilge 2016 to promote the Clár Comortha Céad Bliain.**	**An deis a chruthaíonn Seachtain na Gaeilge 2016 a thapú chun an Clár Comórtha Céad Bliain a chur chun cinn.**
AUTUMN / WINTER 2016 FÓMHAIR / GEIMHREADH 2016	**Ranganna Gaeilge in our local library branches at beginner level in conjunction with Léargas**	**Ranganna Gaeilge a chur ar siúl i mbrainsí ár leabharlainne áitiúla i gcomhar le Léargas.**

Youth and Imagination
An Óige agus an tSamhlaíocht

FROM AUTUMN 2016 Ó FHÓMHAR 2016 Watergate Theatre, Kilkenny/Nationwide Amharclann Gheata an Uisce, Cill Chainnigh/ Ar fud na tíre	**Barnstorm Theatre Company, based in Kilkenny, are producing a new play for young audiences set during the 1916 Rising but seen through the perspective of a family living in Dublin.** Barnstorm plans to produce this world premiere and present it in the Watergate Theatre in autumn 2016. The show will subsequently embark on an all-Ireland tour to theatre venues from Cork to Belfast. As part of the experience of the play the company will develop an Education Support Resource for schools in Kilkenny which will include a pre-show engagement with teachers and students in preparation for the theatre visit, and a post-show Resource Pack to support the teachers in the delivery of critical analysis and learning outcomes in the classroom.	**Tá dráma nua á chur le chéile ag Barnstorm Theatre Company, atá bunaithe i gCill Chainnigh, atá dírithe ar lucht féachana óg atá suite i rith Éirí Amach 1916, ach a fheictear trí pheirspictíocht teaghlaigh a chónaíonn i mBaile Átha Cliath.** Tá sé beartaithe ag Barnstorm an chéad taibhiú seo a chur le chéile agus a chur i láthair in Amharclann Gheata an Uisce i bhfómhar 2016. Tabharfaidh an seó faoi thuras uile-Éireann, ina dhiaidh sin, chuig ionaid amharclannaíochta ó Chorcaigh go Béal Feirste. Mar chuid d'eispéireas an dráma, forbróidh an chuideachta Acmhainn Tacaíochta Oideachais do scoileanna i gCill Chainnigh, lena n-áireofar idirchaidreamh réamhsheó le múinteoirí agus le daltaí mar ullmhúcháin do chuairt an téatair, agus Pacáiste Acmhainní iarsheó chun tacú le múinteoirí chun anailís chriticiúil agus torthaí foghlama a sholáthar sa seomra ranga

AUTUMN 2016
FHÓMHAR 2016

A planned Cross Border Schools' Exchange will allow primary school children approach the concept of reconciliation through the medium of music, sport and theatre.

Tabharfaidh Malartú pleanáilte Trasteorann Scoileanna an deis do leanaí chun tuiscint a fháil ar choincheap an athmhuintearais trí mheán an cheoil, an spóirt agus na hamharclannaíochta.

THROUGHOUT 2016
I GCAITHEAMH 2016

The Kilkenny Local Education Centre has commissioned a Commemoration Project Website: Kilkenny: Subjects to Citizens 1912–1923 including events in Kilkenny in 1916. The principal purpose of this website is to provide local resources for primary and secondary schools around the era of the Decade of Commemoration including 1916. It will act as an important general resource for all who wish to improve their knowledge of the formative events in modern Irish history. The many useful classroom tools can be used in digital format with students. Local newspaper cuttings, advertisements, cinema, food, transport methods all bring an insight into the tapestry of life during the early part of the 20th century in Kilkenny. Teachers can access a multitude of materials which focus on history in a social and political sense.

Choimisiúnaigh Ionad Oideachais Áitiúil Chill Chainnigh Láithreán Gréasáin an Tionscadail Chomórtha: Kilkenny: Subjects to Citizens 1912–1923, lena n-áirítear imeachtaí i gCill Chainnigh i 1916. Is é príomhchuspóir an láithreáin ghréasáin seo chun acmhainní áitiúla a sholáthar do bhunscoileanna agus do mheánscoileanna thart ar thréimhse Dheich mBliana na gCuimhneachán, 1916 san áireamh, ach gníomhóidh sé mar acmhainn ghinearálta thábhachtach dóibh siúd ar mian leo feabhas a chur ar a n-eolas ar na himeachtaí múnlaitheacha i stair nua-aimseartha na hÉireann. Féadtar an iomaí uirlis seomra ranga a úsáid i bhformáid dhigiteach le daltaí. Tugann gearrtháin ó nuachtáin áitiúla, fógraí, cineama, bia, modhanna iompair go léir léargas ar bhreacachan an tsaoil i rith luath-thréimhse an 20ú haois i gCill Chainnigh. Féadfaidh múinteoirí rochtain a fháil ar iliomad ábhar a dhíríonn ar stair i gciall shóisialta agus pholaitiúil.

Cultural Expression
Léiriú Cultúrtha

MAY 2016
BEALTAINE 2016

Watergate Theatre and other locations in Kilkenny city
Amharclann Gheata an Uisce agus láithreacha eile i gCathair Chill Chainnigh

Seachtain Mhic Dhonnchadha / Thomas MacDonagh week in Kilkenny, marking the centenary of MacDonagh's death by execution on 3rd May to include:

- Theatrical Production around the trial of Thomas MacDonagh
- Keynote debate around the life and times of Thomas MacDonagh
- Displays in MacDonagh Junction Shopping Centre
- Concert and Film in Watergate Theatre.

Seachtain Mhic Dhonnchadha i gCill Chainnigh, a dhéanann ceiliúradh ar chomóradh céad bliain ar chur chun báis Mhic Dhonnchadha an 3 Bealtaine, ina mbeidh na himeachtaí a leanas ar siúl:

- Léiriú Amharclannach maidir le triail Thomáis Mhic Dhonnchadha
- Príomhdhíospóireacht maidir le saol agus beatha Thomáis Mhic Dhonnchadha
- Taispeántais in Ionad Siopadóireachta Acomhal Mhic Dhonnchadha
- Ceolchoirm agus Scannán in Amharclann Gheata an Uisce.

AUGUST 2016
LÚNASA 2016

Kilkenny
Cill Chainnigh

Kilkenny is renowned as a centre for the Arts and has a strong cultural history. Ireland 2016 provides the opportunity to explore the work of the poets and poetry of 1916, and in collaboration with Kilkenny Arts Festival the writings and ideologies of the poet-patriots can be explored

Tá cáil ar Chill Chainnigh mar ionad Ealaíon agus tá stair thréan chultúrtha ann. Soláthraíonn Éire 2016 an deis chun saothair na bhfilí agus filíocht 1916 a fhiosrú, agus i gcomhoibriú le Féile Ealaíon Chill Chainnigh, is féidir scríbhneoireacht agus idé-eolaíocht na bhfilí tírghrácha a fhiosrú.

17TH MARCH 2016
AN 17 MÁRTA 2016

Kilkenny's St Patrick's Day Parade will be themed around 1916 / 2016 and participants will be encouraged to interpret the centenary as widely as possible to be both reflective and forward looking.

Beidh téama 1916 / 2016 i gceist i **Mórshiúl Lá Fhéile Pádraig Chill Chainnigh** agus spreagfar na rannpháirtithe chun an tuiscint is fairsinge a bhaint as an gcomóradh céad bliain is féidir d'fhonn athmhachnamh a dhéanamh agus féachaint chun cinn.

Loughboy and Kilkenny City
An Loch Buí agus Cathair Chill Chainnigh

Leinster Fleadh Cheóil
Irish song and dance played an influential role in the Irish Revival, and served as a means of bringing Irish culture and heritage to prominence by way of establishing identity.
In 2016 Kilkenny will host the Leinster Fleadh Cheóil with approximately 160 competitions taking place from Friday 8th July to Sunday 10th July comprising Musical instrument, (Solo, Duets, Trio's and Groups and Céilí Bands), Singing in Irish and English, Lilting, Céilí Dancing, Set Dancing, Sean Nós dancing, Marching Bands and Cómhrá. Representatives of all 12 Leinster Counties in all competitions will take part. A Gig Rig for outdoor entertainment covering the Friday to Sunday with local groups and acts from neighbouring counties will be erected at the Parade.

Fleadh Cheoil Laighean
D'imir amhráin agus rince na hÉireann tionchair ar Athbheochan na hÉireann, agus bhí siad mar mhodh chun cultúr agus oidhreacht na hÉireann a thabhairt chun suntais trí féiniúlacht a bhunú.
In 2016, déanfar Fleadh Cheoil Laighean a óstáil i gCill Chainnigh agus beidh thart ar 160 comórtas ar siúl ó Dé hAoine an 8 Iúil go dtí Dé Domhnaigh an 10 Iúil, ina mbeidh Gléasanna Ceoil, (Aonréid, Dísréid, Tríréid agus Grúpaí agus Bannaí Céilí), Amhránaíocht as Gaeilge agus as Béarla, Portaireacht, Rince Céilí, Seitrince, Rince ar an Sean-Nós, Bannaí Máirseála agus Comhrá. Glacfaidh ionadaithe ó gach ceann de na 12 Chontae i Laighin páirt i ngach comórtas. Cuirfear Rige Gige in airde do shiamsaíocht faoin aer ón Aoine go dtí an Domhnach ina mbeidh grúpaí agus gníomhartha áitiúla ó chontaetha máguaird ag an bParáid.

Community Participation
Rannpháirtíocht Phobail

SEPTEMBER 2015–MARCH 2016
MEÁN FÓMHAIR 2015–MÁRTA 2016

Callan
Callainn

Callan 1916 Centenary Commemoration events consist of a variety of local monthly events under the auspices of Callan Heritage society, which commenced in September 2015 running up to Easter 2016, including a series of lectures, and culminating with a series of events in March 2016 remembering the people from Callan and surrounding districts who participated in the Easter rising and subsequent seminal events in Irish history.

Tá imeachtaí éagsúla áitiúla míosúla i gceist le himeachtaí **Comórtha Céad Bliain 1916 Challainn** faoi choimirce Chumann Oidhreachta Challainn, ar cuireadh tús leo i Meán Fómhair 2015 a fhad le Cáisc 2016, ina measc sraith léachtaí, ag críochnú le sraith imeachtaí i Márta 2016 lena gcuimhneofar ar na daoine ó Challainn agus na ceantair máguaird a ghlac páirt in Éirí Amach na Cásca agus in imeachtaí múnlaitheacha ina dhiaidh sin i stair na hÉireann.

MAY 2016
BEALTAINE 2016

Castlecomer
Caisleán an Chomair

Castlecomer native Paddy Bealin was shot dead by British Forces in the aftermath of the Easter Rising and a commemorative plaque will be unveiled to commemorate his death. A social event comprising a reflection and musical entertainment will follow in the Castlecomer Demesne/ Discovery Park.

Rinne Fórsaí na Breataine fear dúchais Chaisleán an Chomair, Paddy Bealin, a lámhach agus fuair sé bás dá thoradh in iarthréimhse Éirí Amach na Cásca agus cuirfear plaic chomórtha i láthair go poiblí chun a bhás a chomóradh. Leanfaidh imeacht sóisialta ina mbeidh machnamh agus siamsaíocht ceoil sin i nDiméin/Páirc Fionnachtana Chaisleán an Chomair.

SEPTEMBER 2015, JANUARY, MARCH AND MAY 2016
MEÁN FÓMHAIR 2015, EANÁIR, MÁRTA AGUS BEALTAINE 2016

Mullinavat
Muileann an Bhata

South Kilkenny Historical Society, an active local heritage group, have arranged a series of lectures commencing in September 2015, and using a debate format to encourage and provoke thoughtful engagement around the issues of the past, whilst also looking to the future and the legacy of the Rising. The final event in May 2016 will also include participation and displays from local schools.

D'eagraigh Cumann Staire Chill Chainnigh Theas, grúpa gníomhach áitiúil oidhreachta, sraith léachtaí a thosóidh i Meán Fómhair 2015, agus a bheidh i bhformáid díospóireachta chun rannpháirtíocht mhachnamhach a spreagadh agus a chur chun cinn maidir le saincheisteanna an ama atá thart, agus féachaint chun cinn agus ar oidhreacht an Éirí Amach, i gcomhthráth. Áireofar leis an imeacht deiridh i mBealtaine 2016, chomh maith, rannpháirtíocht agus taispeántais ó scoileanna áitiúla.

13–22 NOVEMBER 2015 AND NOVEMBER 2016 13–22 SAMHAIN 2015 AGUS SAMHAIN 2016 Slieverue Sliabh Rua	**Éigse Sliabh Rua takes place annually in November** and the intention of 2015 Éigse is to include a feature on the 1916 rising, as well as a lecture on Kilkenny G.A.A. with the novel title: "Hurling—From Cú Chulainn to Shefflin".	**Titeann Éigse Shliabh Rua amach gach bliain i Samhain** agus tá sé beartaithe ag Éigse 2015 chun gné a chur san áireamh ar Éirí Amach 1916, mar aon le léacht ar C.L.G Chill Chainnigh ar a mbeidh an teideal nuálach: "An Iománaíocht —Ó Chú Chulainn go Shefflin".
27TH MARCH 2016 AN 27 MÁRTA 2016 Dunamaggin / Kells Dún Iomagáin / Ceanannas	**The Pat Walsh Memorial Committee**, based around the Dunamaggin area, was formed on a non-political basis to perpetuate the memory of Captain Pat Walsh and his comrades in Cumann na mBan, and the old IRA. The commemoration takes place on Easter Sunday annually.	**Bunaíodh Coiste Cuimhneacháin Pat Walsh**, atá bunaithe i gceantar Dhún Iomagáin, ar bhonn neamhpholaitiúil chun cuimhne an Chaptaein Pat Walsh agus a chomrádaithe i gCumann na mBan, agus sa sean-IRA, a bhuanú. Bíonn an comóradh ar siúl Domhnach Cásca gach bliain.
THROUGHOUT 2016 I GCAITHEAMH 2016 Kilkenny Cill Chainnigh	**Your shop / business as it was in 1916** Map and streetscape period photographs will be displayed in shop fronts to provide a sense of the times and styles prevailing in Kilkenny at the turn of the 19th to 20th Century.	**Your shop / business as it was in 1916** Taispeánfar léarscáileanna agus grianghraif sráid-dreacha den tréimhse sin i bhfuinneoga siopaí chun braistint den saol agus de na stíleanna a bhí i réim i gCill Chainnigh idir deireadh an 19ú haois agus tús an 20ú hAois.
SUMMER 2016 SAMHRADH 2016	**Street Festivals** Kilkenny County Council played the leading role in the provision of social housing in the early 20th Century, following the clearances of poor standard accommodation. The naming of some streets memorialises some of the leading national figures of the period. Street Festivals in locations such as MacDonagh Street, Connolly Street, Pearse Street, Father Albert Place, and Fr. Delahunty Terrace in Kilkenny City provide an opportunity to revisit both the role of housing schemes in Kilkenny's social history and reconnect residents with the stories behind the estate names.	**Féilte Sráide** Ghlac Comhairle Contae Chill Chainnigh an ról ceannais chun tithíocht shóisialta a sholáthar go luath san 20ú hAois, i ndiaidh gur glanadh droch-chóiríocht chaighdeánach. Rinneadh cuimhneachán ar roinnt de na daoine náisiúnta móra le rá ón tréimhse sin nuair a ainmníodh roinnt sráideanna in onóir dóibh. Soláthraíonn Féilte Sráide i láithreacha ar nós Shráid Mhic Dhonnchadha, Shráid Uí Chonghaile, Shráid an Phiarsaigh, Plás an Athar Albert, agus Ardán an Athar Uí Dhulchaointigh i gCathair Chill Chainnigh an deis chun athchuairt a thabhairt ar ról na scéimeanna tithíochta sóisialta i stair shóisialta Chill Chainnigh agus chun na scéalta a bhaineann le hainmneacha na n-eastát a insint do chónaitheoirí.

Global and Diaspora
Éireannaigh ar fud an Domhain agus an Diaspóra

Leicestershire County Council / Kilkenny County Council—to explore Irish / Kilkenny Diaspora links between both Counties with WW1 / Battle of the Somme / 1916 Rising, and to consider Ireland's Decade of Commemorations and the UK's Century of Stories Project.	**Comhairle Contae Leicestershire / Comhairle Contae Chill Chainnigh**—fiosrú a dhéanamh ar naisc Dhiaspóra na hÉireann / Chill Chainnigh idir an dá Chontae leis an gCéad Chogadh Domhanda / Cath an Somme / Éirí Amach 1916, agus chun breithniú a dhéanamh ar Dheich mBliana de Chomóradh na hÉireann agus Céad Bliain de Thionscadail Scéalta na Ríochta Aontaithe.
Planned visit of Kilkenny Minnesota, U.S.A. to Kilkenny Ireland to further explore the role played by Kilkenny natives in the founding of one of Minnesota's Irish settlements.	**Cuairt phleanáilte ag Kilkenny, Minnesota, S.A.M. ar Chill Chainnigh na hÉireann** chun fiosrú breise a dhéanamh ar an ról a chomhlíon dúchasaigh Chill Chainnigh i gceann de lonnaíochtaí "Éireannacha" Minnesota a bhunú.

KILKENNY IRELAND 2016 COMMITTEE

Cllr. Joe Malone, Chairman
Cllr Mary Hilda Cavanagh
Cllr Fidelis Doherty
Cllr David Kennedy
Cllr Tomás Breathnach
Cllr Eamon Aylward
Cllr Breda Gardner

KILKENNY IRELAND 2016 COORDINATOR

For further information about this programme please contact our 2016 Coordinator:

Brian Tyrrell
e: brian.tyrrell@kilkennycoco.ie
t: 087 969 2757
w: www.kilkenny.ie

COISTE ÉIRE 2016 CHILL CHAINNIGH

Joe Malone, Cathaoirleach
An Comh. Mary Hilda Cavanagh
An Comh. Fidelis Doherty
An Comh. David Kennedy
An Comh. Tomás Breathnach
An Comh. Éamon Aylward
An Comh. Breda Gardner

COMHORDAITHEOIR ÉIRE 2016 CHILL CHAINNIGH:

Le haghaidh tuilleadh eolais faoin gClár seo déan teagmháil, le do thoil, lenár gComhordaitheoir 2016:

Brian Tyrrell
r: brian.tyrrell@kilkennycoco.ie
g: 087 969 2757
i: www.kilkenny.ie

ÉIRE
IRELAND

1916
1916

Clár Comórtha
Céad Bliain
Centenary
Programme

County Hall, John Street
Kilkenny, Co. Kilkenny
e: brian.tyrrell@kilkennycoco.ie
t: 087 969 2757
w: www.kilkennycoco.ie

Halla an Chontae,
Sráid Eoin, Cill Chainnigh
r: brian.tyrrell@kilkennycoco.ie
g: 087 969 2757
i: www.kilkennycoco.ie

ireland.ie